

DON SCRÚDAITHEOIR

SCRÚDUIMHIR:

Iomlán na
Marcanna:


Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

MATAMAITIC – BONNLEIBHÉAL – (300 marc)


DÉ hAOINE, 8 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.00

Am: 2 uair an chloig

Freagair **GACH** ceist. Gabhann 50 marc le gach ceist.

Ba chóir freagraí agus obair thacaíochta a scríobh sna boscaí atá ann chuige sin.

Féadfar páipéar agus grafpháipéar sa bhreis a fháil ón bhFeitheoir, más gá.

Cuireann an tsiombail  in iúl gur gá obair thacaíochta a thaispeáint chun lánmharcanna a ghnóthú.

Déanamh agus sórt an áireamhain a úsáideadh:

Don Fheitheoir / Scrúdaitheoir amháin:

Stampa
an Ionaid

Ceist	Marc	Scrúd. Comh.
1		
2		
3		
4		
5		
6		
Iomlán		
Bónas don Ghaeilge		
Móriomlán		
Grád		

1. (a) Faigh luach:

(i) $52 + 84 =$

(ii) $78 - 35 =$

(b) Faigh luach:

(i) $407 \div 11 =$

(ii) $16 \cdot 8 - 7 \times 2 =$

(iii) $\sqrt{36} =$


(iv) $2^3 =$

(c) (i) Cosnaíonn ticéad sorcais €16 don aosach agus €8.50 don pháiste.
Faigh an costas iomlán le haghaidh 2 aosach agus 3 pháiste.



2 Aosach @ €16 an ceann	= €
3 Pháiste @ €8.50 an ceann	= €
Iomlán	= €

- (ii) Díoltar as na ticéid le nóta €50 agus nóta €20.
Cén sóiseáil ba chóir a fháil ar ais?



A large empty rectangular box for writing the answer to question (ii).

2. (a) (i) Scríobh síos mód na n-uimhreacha a leanas:

6, 1, 4, 0, 3, 4

Mód =

- (ii) Faigh meán na n-uimhreacha a leanas:

6, 1, 4, 0, 3, 4

 Meán =

Cuid (b) ar an gcéad leathanach eile

(b) Taispeánann an tábla a leanas líon na gcineálacha éagsúla ainmhí ar fheirm:

Cineál Ainmhí	Bó	Caora	Muc	Capall	Gabhar
Líon	12	14	10	8	6



(i) Ríomh an líon iomlán ainmhithe ar an bhfeirm.



(ii) Tarraing barrachairt chun líon gach cineál ainmhí ar an bhfeirm a léiriú. Bain úsáid as an ngréille thíos chun do bharrachairt a tharraingt.

(iii) Sloinn líon na gcaorach mar chéatadán den líon iomlán ainmhithe ar an bhfeirm.


 

(c) Iarradh ar 60 mac léinn dath a gcuid fón póca a lua.
Taispeántar na torthaí sa tábla.

Dath	Dearg	Dubh	Bándearg	Airgead
Líon Mac Léinn	15	10	20	15



Is mian linn an fhaisnéis seo a thaispeáint ar phíchart.




Comhlánaigh an tábla:


Dath	Dearg	Dubh	Bándearg	Airgead
Líon Mac Léinn	15	10	20	15
Líon Céimeanna			120°	

Tarraing an píchart.


3. (a) Faigh luach x agus luach y sa léaráid a leanas.



(i) $x =$

 (ii) $y =$


(b) (i) Tóg dronuilleog, ar fad di 8 cm agus ar leithead di 6 cm.




(ii) Tomhais, i gceintiméadair, fad thrasnán na dronuilleoige a tharraing tú.

Is é fad an trasnáin ná:

- (c) (i) An triantán sa léaráid, tarraing a íomhá faoin tsiméadracht aiseach sa líne k .




- (ii) Roinn an mhírlíne $[PQ]$ in dhá chuid chothroma.
Taispeáin gach uile líne thógála.




4. (a) Faigh luach $5a + 8b$ nuair $a = 2$ agus $b = 3$.




- (b) (i) Réitigh le haghaidh x :


$$2x - 4 = 10$$

- (ii) Simpligh go hiomlán $x(x + 7) + 3(x - 4)$.




- (c) (i) Ag glacadh le $y = 3x + 4$, comhlánaigh an tábla thíos.
Taispeáin do chuid oibre uile sa bhosca atá ann chuige sin.




x	1	2	3	4
y			13	

- (ii) Bain úsáid as do chuid freagraí ar (i), agus tarraing graf $y = 3x + 4$ ó $x = 1$ go dtí $x = 4$.




5. (a) Tosaíonn ceolchoirm ar 20:15 agus leanann sí ar aghaidh ar feadh 2 uair an chloig agus 50 nóiméad.

Cathain a chríochnaíonn an cheolchoirm?



A large empty rectangular box for writing the answer to question 5(a).

- (b) Tá painéal adhmaid dronuilleogach 3 mhéadar ar fad agus 50 ceintiméadar ar leithead.



- (i) Scríobh leithead an phainéil i méadair. [1 m = 100 cm]

A large empty rectangular box for writing the answer to question 5(b)(i).

- (ii) Ríomh achar an phainéil i m^2 .




A large empty rectangular box for writing the answer to question 5(b)(ii).

- (iii) Cén líon de na painéil seo a bheidh ag teastáil chun réigiún dronuilleogach ar tomhas dó 3 m \times 5 m a chlúdach?



A large empty rectangular box for writing the answer to question 5(b)(iii).

(c) Tá trastomhas 8 m ar fad ag lochán ciorclach.



(i) Scríobh síos an fad atá i nga an locháin.

Ga =

(ii) Ríomh imlíne an locháin ag glacadh le $\pi = 3 \cdot 142$.




(iii) Ríomh achar dhromchla an locháin ag glacadh le $\pi = 3 \cdot 142$.



6. (a) (i) Scríobh $\frac{1}{2}$ mar dheachúil.

(ii) Scríobh $\frac{1}{4}$ mar chéatadán.

(b)



(i) Liostaigh baill A .

$A = \{ \quad , \quad , \quad , \quad \}$

(ii) Liostaigh baill B .

$B = \{ \quad , \quad , \quad \}$

(iii) Liostaigh baill $A \cap B$.

$A \cap B = \{ \quad , \quad \}$

(iv) Liostaigh baill $A \cup B$.

$A \cup B = \{ \quad , \quad , \quad , \quad , \quad \}$


(c) Oibríonn Neela in ionad spóirt.

Tuilleann sí tuarastal comhlán €26 000 sa bhliain.



(i) Íoctar cáin ar 20%.

Cad é an t-iomlán cánach a ghearrtar ar thuarastal comhlán Neela in aghaidh na bliana?




(ii) Tá creidmheasanna cánach €1800 sa bhliain ag Neela.


Ríomh an méid cánach a íocann sí gach aon bhliain.



(iii) Bain úsáid as do fhreagra ar chuid (ii) chun pá glan bliantúil Neela a ríomh.



Spás d'obair sa bhreis



Spás d'obair sa bhreis

Spás d'obair sa bhreis